

# Ní hUasal ná Íseal ach Thuas Seal agus Thíos Seal

le Fergus Ó Conghaile

# **Foireann**

Cathal

Adam

Deaid

Mam

Fear 1

Fear 2

Cillian

Emma

Máire

Stiúrthóir

Pádraig

Na deamhain

Ross

Seán

# Réamhradharc

**GACH DUINE:** Deirtear nach Uasal ná Íseal...ach thuas seal agus thíos seal...

**CATHAL:** Is seo'd í an cluiche is tábhachtaí de mo shaol!

**ADAM:** Is seo'd í an SEÓ is tábhachtaí de mo shaol!

**DEAID:** Go n-éirí leat ag an gcluiche mór amárach!

**GACH DUINE:** Go n-éirí leat ag an gcluiche mór amárach!

**MAM:** Go n-éirí leat leis an dráma siúd atá ar siúl agat!

**GACH DUINE:** Go n-éirí leat leis an dráma siúd atá ar siúl agat!

**FEAR 1:** Nuair a fhaigheann an Cathal sin an liathróid imíonn sé ar nós na gaoithe!

**FEAR 2:** Ní bhéarfadh Usain Bolt féin greim air!

**EMMA:** Tá bua na haisteoireachta ag an leaid sin...

**CILLIAN:** An bhfeiceann sibh cé atá anseo...Billy Elliot é féin!

Is dócha go bhfuil tú breá sásta leat féin?

**GACH DUINE:** IS DÓCHA GO BHFUIL TÚ BREÁ SÁSTA LEAT FÉIN!

**CATHAL:** Pasáil anseo í a Cholm!

**ADAM:** Ní maith liom peil...

**FEAR 1:** An-imirt a Chathal...sin í an liathróid.

**TAOBH ADAM:** Ní maith liom peil...

**TAOBH CATHAL:** Thar an trasnán!!

**TAOBH ADAM:** NÍ MAITH LIOM PEIL!

**TAOBH CATHAL:** AWW...GO-HÁLAINN AR FAD!

**TAOBH ADAM:** NÍ MAITH LIOM PEIL!

# Radharc 1

*Tá Daidí agus Adam sa chistin ar maidin ina suí chun bricfeasta. Tagann Cathal isteach le drochaoibh air ag lorg a bhróga peile.*

**CATHAL:** Cá bhfuil mo chuid bróga peile? A Mham? Bhí siad fágtha amuigh ansin sa halla agam don traenáil inniu... ní féidir tada a fháil sa teach seo... dá bhfágfaí na bróga san áit ina raibh siad... Hello! An bhfuil duine ar bith ag éisteacht liom?

**ADAM:** Meastú an mbeidh sé ag cur báistí inniu? An féidir linn síob a fháil inniu a Mham?

**CATHAL:** A Mham mo chuid bróga, maith an bhean, an bhfaca tú iad?

*Tagann Mam isteach.*

**MAM:** Cheapfá nach bhfuil duine ar bith eile sa teach seo ach MAM! Cathal tá do chuid bróga peile taobh amuigh den doras ó thuaidh, suigh síos agus ith do bhricfeasta ar dtús....Adam níl seans dá laghad agat síob a fháil inniu, tá cóta báistí agat agus an bhfeiceann sibh an páipéar nuachtáin seo? Tá Deaid i bhfolach taobh thiar de...

**DEAID:** Haigh! Bhí mé á léamh sin!

**MAM:** Beidh tú deireanach! Ith do bhricfeasta...

**ADAM:** An féidir liom síob a fháil leat inniu a Dheaid?

**DEAID:** Hmm?

**CATHAL:** Má tá Adam ag dul leat tá mise freisin...Deaid?

**CATHAL & ADAM:** DEAID!

**DEAID:** Céard? Céard ata oraibh?

**ADAM:** Síob...inniu...le do thoil?

**DEAID:** Ní féidir leat síob a fháil! ná tusa ach an oiread...tá mé ag dul go Loch Garman ar maidin...anois an féidir liom an páipéar seo a léamh faoi shuaimhneas?

**ADAM:** Cheap mé gur amárach atá an cluiche mór agaibhse?

**CATHAL:** Caithfidh muid traenáil a dhéanamh Adam! tá sé maith go leor agatsa bheith ag prampsáil timpeall an stáitse ar nós sióige ach tá scil ag teastáil le cúrsaí spóirt...

**ADAM:** Stop, maith an fear, scór leaids ag rith timpeall i ndiaidh liathróide sa mbáisteach? Scil mo thóin...

**CATHAL:** An bhfeiceann tú cé atá ag caint? Dá n-imreofaí thusa peil ar nós gnáthleaid bheadh tuiscint níos fearr agat ar an saol...

**ADAM:** Ní maith liom peil agus bhuel tá scil ag baint leis an stáitse freisin bíodh's agat!

**CATHAL:** Tá madraí an bhaile in ann cúpla líne a chaitheamh amach ar an stáitse...

**ADAM:** Má tá sé chomh héasca sin cén fáth nach bhfeicim tusa á dhéanamh?

*Léimeann Cathal suas ar chathaoir.*

**CATHAL:** A Romeo... A Romeo... meastú cá bhfuil mo Romeo?

Tá mé thíos anseo a Juliet...an dall atá tú?

Ó Romeo ní fhaca mé ansin thú...caithfidh mé a dhul go Specsavers!

**ADAM:** A Mham tá Cathal ar an gcathaoir!

**MAM:** Cathal tar anuas de sin... A Pheadair!

**DEAID:** Huh? Cathal éirigh as do chuid seafóide...Caithfidh mise imeacht. Go n-éirí leat inniu, tá mé ag tnúth leis an gcluiche mór amárach!

**ADAM:** Ahem!

**DEAID:** Ó sea...agus go n-éirí leatsa freisin ag an...ag an....dráma siúd atá ar siúl agat. Slán agaibh!

**MAM:** Tá sé in am agaibhse bheith ag imeacht. Nígí bhur gcuid fiacla agus buailigí an bóthar...

*Éiríonn na buachaillí ón mbord.*

**MAM:** Cén t-am atá do chuid traenála críochnaithe agatsa?

**CATHAL:** Thart ar a 3 a chlog...

**MAM:** Agus tusa?

**ADAM:** Thart ar a 3 freisin cheapfainn...

**MAM:** Baileoidh Cathal ar an mbealach abhaile thú mar sin ag an gcrosbhóthar sa bhaile mór...

**CATHAL:** Aww, a Mham ní theastaíonn uainn fanacht ar a chéile.

**ADAM:** Sea, níl aon ghá.

**MAM:** Níl aon rogha! Slán libh.

## Radharc 2

- FEAR 1:** (*Séideann sé an fheadóg agus é ag siúl isteach.*)
- Right lads...tá mé ag iarraidh céad faoin gcéad a fheiceáil ó gach duine anseo inniu. Seo'd é an traenáil dheireanach atá agaibh roimh an gcluiche mór amárach. An bhfuil chuile dhuine againn?
- FEAR 2:** Tá cheapfainn...Tá...ó níl! Cá bhfuil Cillian?
- CILLIAN:** Tá mé anseo...tá mé anseo...
- FEAR 1:** Ó déan deifir - maith an fear - tá tú deireanach....
- Now... Éistigí liom...
- Tosóidh muid leis na matáin...scaipigí sibh féin...
- Cois dheas...sin é...seachain do dhroim...go dtí a cúig...1,2,3,4,5...
- Cois chlé... (*ad lib*)
- Céard atá tusa a dhéanamh? Stop a phleidiú nó beidh Stroke agat!
- FEAR 2:** Caithfidh mise mé féin a bheith réidh!
- FEAR 1:** Alright...ach tóg go bog é...
- FEAR 2:** Ná bíodh aon imní ort fúmsa...
- FEAR 1:** Right...deich gcinn ón talamh anois lads...1,2,3....10.
- OK, SEASAIGÍ!! (*Séideann sé an fheadóg.*)
- Cúig lap den pháirc...ar aghaidh libh!
- FEAR 2:** Ba cheart go n-éireodh go geal leo seo amárach...tá an fhoireann iomlán folláin agus réidh don chraobh ach meastú an Cillian an fear ceart a bheith mar chaptaen againn? Cheapfainn go mbeadh Cathal níos fearr...
- FEAR 1:** Sílim go bhfuil an ceart agat... Déanann sé sár-iarracht i gcónaí...
- FEAR 2:** Déanann...déanann...
- FEAR 1:** Agus tá meas ag na lads eile air....
- FEAR 2:** Tá...cinnte...cinnte...

**FEAR 1:** Ní leaid mór atá ann...ach tá sé chomh láidir le capall.

**FEAR 2:** Ó a dhiabhail...tá...tá...

**FEAR 1:** Seo'd isteach Máire...

**FEAR 2:** Dia do bheannacht a Mháire... Céard atá agat?

**MÁIRE:** Dia's Muire dhaoibh ar maidin...

**FEAR 1:** C'MON LADS NÍOS TAPÚLA DON CHÉAD LAP EILE!

**MÁIRE:** Go sábhála Dia sinn, mo chluasa! Agus mé anseo ag tabhairt sólaistí daoibh...

**FEAR 2:** Nár laga Dia thú a Mháire...

**FEAR 1:** Go raibh míle a Mháire... céard atá agat?

**FEAR 2:** Tá ocras an domhan orm...

**MÁIRE:** Tae agus ceapairí...

**FEAR 2:** Fair plé dhuit a Mháire... cén saghas ceapairí? Bágún? Cáis? Liamhás?

**MÁIRE:** Prawn agus Avocado atá ann...rice cakes!

**FEAR 2:** Céard?

**FEAR 1:** Prawn agus Avocado a dúirt sí... C'MON CILLIAN CROCH NA COSA!

**MÁIRE:** Caithfidh muid uilig a bheith sláintiúil don chluiche seo amárach!

*Déanann sé iarracht an Rice cake a ithe. Tagann na lads ar ais.*

**FEAR 1:** Maith sibh...an-jab...an bhfuil deoch ó éinne?

**FEAR 2:** Rice cake?

**FEAR 1:** Right...éistigí liom a bhuachaillí...

Seán tóg go réidh é ar an gcois sin inniu....

Ross bíodh greim daingean ar an liathróid sin inniu agatsa...

Pádraig bí cinnte go bhfuil tú ag marcáil d'fhear...

Cathal beidh tusa i do chaptaen ar an fhoireann seo amárach.

**CILLIAN:** Céard? Mise captaen na foirne seo.

**FEAR 1:** Bhuel tá muid ag déanamh athrú beag le haghaidh amárach.

**CILLIAN:** Cén fáth?

**FEAR 1:** Braithim go bhfuil sé seo tuillte ag Cathal. Ní bhíonn sé deireanach, tugann sé céad faoin gcéad i gcónaí.

**FEAR 2:** Tugann...tugann...

*Tugann Cillian cic don chathaoir.*

**FEAR 1:** Haigh! Is foireann iomlán muidne anseo...níl aon spás do Dhéithe beaga ag ceapadh go bhfuil siad níos fearr ná aon duine eile! AN gCLOISEANN TÚ MÉ?

**CILLIAN:** Cloiseann...

**FEAR 1:** AN BHFUIL SIBH LIOM?

**LADS:** Tá....

**FEAR 1:** NÍ CHLOISIM SIBH?

**LADS:** TÁ!

**FEAR 2 & MÁIRE:** TÁ!

**FEAR 1:** RIGHT! AR AGHAIDH LIBH MAR SIN! MAITH SIBH!

**FEAR 2:** MAITH SIBH LADS!

**MÁIRE:** BEIDH NA RICE CAKES ANSEO DAOIBH LADS!

*Séideann Fear 1 an fheadóg.*

**FEAR 1:** Feicfidh muid anois cad é mar a éiríonn le Cathal... (*Seasann an triúr acu i lár an stáitse.*)

PEADAR NÍL TÚ AG MARCÁIL! A Thiarna Dia na glóire.

**FEAR 2:** PASÁIL Í A CHOLM...SIN É! THAR AN TRASNÁN ANOIS A SHEÁIN!

**FEAR 1:** Aww...IDIR NA POSTAÍ A SHEÁIN!

**MÁIRE:** Mí-ádh, mí-ádh...

**FEAR 1:** Mí-ádh? Chuirfeadh mo sheanmháthair thar an trasnán í sin!

**FEAR 2:** (Ag gáire) ...agus a cuid súile dúnta aici!

**MÁIRE:** AN-IMIRT A CHATHAIL! SIN Í AN LIATHRÓID!

**FEAR 2:** SIN Í AN LIATHRÓID...

**FEAR 1:** THAR AN TRASNÁN!

**FEAR 2:** THAR AN TRASNÁN!

**MÁIRE:** THAR AN TRASNÁN!

**FEAR 1/2 & MÁIRE:** Aww GO hÁLAINN AR FAD!

**FEAR 2:** An-jab...an-jab .

**FEAR 1:** Nuair a fhaigheann an CATHAL sin an liathróid imíonn sé ar nós na gaoithe...

**FEAR 2:** Ní bhéarfadh Usain Bolt féin greim air! MAITH SIBH LADS!

**MÁIRE:** Ba cheart dúinn an paidrín a rá b'fhéidir?

**FEAR 1:** Ó a dhiabhail...ní anois a Mháire...

**MÁIRE:** Chonaic mise foireann iomlán Bhaile an Droichid sa séipéal inné. Má tá Dia leo...níl seans againn...

**FEAR 2:** Sa séipéal? An bhfaca...?

**MÁIRE:** Chonaic... (*Téann Fear 2 & Máire ar a nglúine...*)

**FEAR 1:** COLM? IN AINM DÉ....

Tar éis an chleachtaidh...rachaidh muid chuig an séipéal...

SIN É LADS...MARCÁIL D'FHEAR!

# Radharc 3

*Tosaíonn Radharc a 3 le píosa ceoil 'Léim Thart'. Tá na páistí ag cleachtadh don seó agus tá an stiúrthóir ina shuí sa lucht féachana.*

**STIÚRTHÓIR:**

OK...OK...STOP...STOP...STOP.

STOP AN CEOL LE DO THOIL..

Go raibh maith agat!

AOIFE, NÁ BÍ AG FÉACHAINT AR DO CHOSA.

EMMA, TÁ TÚ BEAGÁN RÓ-THAPAIHDH.

CHRISTINA, SEACHAIN NA LÁMHA.

ADAM, AN-JAB INNIU... MAITH THUÍ.

CEAPAIM GUR CHEART DAOIBH CASADH AR DHEIS IN ÁIT  
DUL AR CHLÉ ANSIN.

**CHRISTINA:**

NÍ THUIGIM, CÉN PÍOSA?

**STIÚRTHÓIR:**

Taispeánfaidh mé daoibh.

*Téann an stiúrthóir ar an stáitse agus taispeántar dóibh conas é a dhéanamh.*

**STIÚRTHÓIR:**

5,6,7,8.... (*ad lib*)

*Déanann siad an rince arís, ceart.*

**STIÚRTHÓIR:**

OK, SIN É DON LÁ INNIU! BUALADH BOS DAOIBH FÉIN!

*Tugann gach duine bualadh bos dóibh féin.*

ADAM FOGHLAIM NA LÍNTE SIN!

CÉ ATÁ AG GLANADH INNIU?

**CHRISTINA/EMMA/AOIFE:**

Muidne!

**STIÚRTHÓIR:**

FEICFIDH MÉ AR AN LUAN SIBH.

*Imíonn gach duine den stáitse ach Christina/Aoife agus Emma.*

## Radharc 4

**CHRISTINA:** Bhí an cleachtadh sin ar fheabhas inniu nach raibh?

**EMMA:** Bhí. Is ceoldráma iontach é.

**AOIFE:** Is aoibhinn liom an rince agus an canadh.

**CHRISTINA:** Ó a Romeo...a Romeo...cá bhfuil tú a Romeo?

**EMMA:** Beidh sé ar an mbealach i gceann cúpla nóiméad cheapfainn.

**CHRISTINA:** Níl barúil agam céard faoi a bhfuil tú ag labhairt!

**AOIFE:** Níl b'fhéidir!

**EMMA:** Tá bua na haisteoireachta ag an leaid sin...

**GEMMA:** Agus is rinceoir iontach é...

**CHRISTINA:** Tá sé foirfe...

**CHRISTINA/EMMA/AOIFE:** Hmm.

**ADAM:** Dia dhaoibh a chailíní...

**CHRISTINA/EMMA/AOIFE:** Ó Hi Adam....

**ADAM:** Rinne sibh an-jab inniu!

**CHRISTINA:** Go raibh míle...rinne tú an-jab freisin.

**ADAM:** Níl fágtha ach coicís go dtí an seó!

**EMMA:** Tá mise ag fáil neirbhíseach...

**AOIFE:** Cailíní tá ár síob anseo, an bhfuil tú ag iarraidh síbe Adam?

**ADAM:** Ní féidir liom, caithfidh mé fanacht ar Chathal.

**CHRISTINA:** Ó sea, nach bhfuil an chraobh mhór amárach acu?

**ADAM:** Tá.

**EMMA:** Beidh muid ann!

**ADAM:** Slán a chailíní!

**CHRISTINA/EMMA/AOIFE:** SLÁN!

*Fanann Adam ar an stáitse ar feadh tamaill. Tógann sé amach a script agus téann sé ag foghlaim a chuid línte. Bíonn sé ag aisteoireacht timpeall an stáitse nuair a thagann Cillian agus Pádraig de rith isteach.*

**CILLIAN:** Níl mise ag caitheamh mo thráthnóna sa séipéal!

**PÁDRAIG:** Mise ach an oiread.

**CILLIAN:** Bhuel bhuel bhuel, an bhfeiceann sibh cé atá anseo...Billy Elliot é féin!

**PÁDRAIG:** Ó an t-aisteoir iontach, an raibh lá deas agat ag damhsa leis na cailíní?

**ADAM:** As mo bhealach le do thoil.

**CILLIAN:** As mo bhealach le do thoil...an-mhúinte nach bhfuil?

**ADAM:** Tá mé deireanach le haghaidh mo dhinnéir, fág an bealach.

**PÁDRAIG:** Whoa whoa whoa...níl muid réidh ag caint leat go fóill.

*Beireann siad greim ar Adam.*

**ADAM:** Scaoil liom...scaoil liom!

**CILLIAN:** Cén fáth nach n-imríonn tusa peil cosúil leis na buachaillí eile?

**PÁDRAIG:** Imríonn Cathal peil.

**ADAM:** Bhuel ní mise Cathal, ní maith liomsa peil.

**CILLIAN:** Ó ní maith liomsa peil, is fearr liomsa bheith ag rince timpeall. Bhuel ní maith liomsa tusa ná do dheartháir ach an oiread.

**PÁDRAIG:** Sea, is mór an náire thú, agus ba cheart do Cillian a bheith ina chaptaen ar an fhoireann amárach - ní Cathal!

**ADAM:** Má tá Cathal ina chaptaen, tá sé tuillte aige, scaoil liom!

**CILLIAN:** Ó an bhfuil anois? Bhuel. Tá a fhios agamsa céard atá tuillte agatsa a Adam!

Tá sé in am ceacht beag a theagasc d'Adam.

**PÁDRAIG:** Sea, ceacht nua rince atá ann a Adam.

**ADAM:** Ní theastaíonn ceacht nua uaim...SCAOIL LIOM!

**CILLIAN:** Tá bosca bruscair anseo le d'ainm air!

**ADAM:** STOP! LE DO THOIL!

*Caitheann siad Adam sa bhosca bruscair.*

**CILLIAN:** Níl mórán maitheasa i do chuid aisteoireachta anois Adam?

*Clúdaíonn siad an bosca, agus tosaíonn siad ag léim air.*

**PÁDRAIG:** Codladh sámh Adam!

*Léimeann siad anuas den bhosca ag gáire.*

**CILLIAN:** Táim ag mothú níos fearr cheana féin.

**PÁDRAIG:** Mise freisin. (*ag gáire*)

*Tagann Cathal de rith isteach.*

**CATHAL:** Haigh lads, an bhfaca sibh Adam?

**CILLIAN:** Ní fhaca.

**PÁDRAIG:** Is dócha go bhfuil sé imithe abhaile.

**CATHAL:** Is dócha é.

**CILLIAN:** Comhghairdeas as ucht a bheith i do chaptaen, is dócha go bhfuil tú breá sásta leat féin.

**CATHAL:** Táim ach is foireann iomlán muid a Chillian, is cuma cé hé an captaen, ní neart go cur le chéile! BAILE CHRONÁIN ABÚ!

**CILLIAN/PÁDRAIG:** BAILE CHRONÁIN ABÚ!

# Radharc 5

*Tá Mamaí ag socrú an bhoird sa chistin. Tá Deaid ina shuí chun boird.*

- MAMAÍ:** Cá bhfuil an bheirt seo?
- DEAID:** Ní bheidh siad ró-fhada anois, chonaic mé cuid de na lads ag siúl aniar agus mé ag teacht isteach an geata.
- MAMAÍ:** Ní chodlóidh Cathal néal anocht ach ag brionglóid faoin gcraobh amárach.
- CATHAL:** A MHAM! A DHEAID! Tá mé i mo chaptaen ar an bhfoireann don chraobh!
- DEAID:** CÉARD? NÍL!
- CATHAL:** TÁ! Mise! Dúirt an traenálaí go raibh sé tuillte agam!
- MAMAÍ:** COMHGHAIRDEAS! Sin deá-scéala.
- DEAID:** FAIR PLÉ A DUIT A LAD!
- MAMAÍ:** Cá bhfuil do dheartháir?
- CATHAL:** Níl a fhios agam. Bhí mé deireanach mar bhí orainn dul chuig an séipéal ar an mbealach abhaile...scéal fada...ach ní raibh Adam ag an gcrosbhóthar mar a dúirt tú leis...
- MAMAÍ:** Bhuel níl sé sa mbaile.
- DEAID:** Ní bheidh sé ró-fhada, is dócha go bhfuil siad fós ag prampsáil timpeall ar an stáitse...TÁ CAPTAEN NA FOIRNE AG AN MBORD AGAINN!
- CATHAL:** Ní chodlóidh mé néal anocht!
- MAMAÍ:** Gheobhaigh mé an dinnéar...caithfidh mé glaoch a chur ar do mhamó leis an deá-scéala a insint di!

*Fanann na haisteoirí reoite ar an stáitse...fanann Cathal agus Deaid ag an mbord agus tagann Adam amach as an mbosca bruscair agus é gortaithe go dona, siúlann sé abhaile.*

- DEAID:** Bhí an béile sin breá blasta!

**CATHAL:** Ó tá mé lán.

**MAMAÍ:** Tá sé ag fáil dorchá, cá bhfuil do dheartháir?

**CATHAL:** Ní leanbh é a Mham.

**MAMAÍ:** Tuigim é sin ach fós is tusa an duine is sine ba cheart duit aire a thabhairt dó.

**CATHAL:** Bhuel, tá mo dhóthain le déanamh agamsa!

**DEAID:** Teastaíonn sos maith uaitse. Rachaidh mise ag lorg Adam. Ó seo isteach anois é.

**MAMAÍ:** Adam! Tá tú deireanach. Céard a tharla dhuitse??

**ADAM:** Tada...timpiste bheag...ní tada é...

**MAMAÍ:** Tada! Tá tú ag cur fola! Ó a Dhia,caithfidh mé fios a chur ar an dochtúir!

**ADAM:** Ná déan, beidh mé ceart go leor, níl an phian ró-dhona.

**MAMAÍ:** Is ortsa an locht seo, dá bhfanfa leis mar a d'iarr mé ort.

**CATHAL:** Ormsa? Ní mise a rinne é seo, céard a tharla?

**ADAM:** Tada.

**DEAID:** ADAM! Céard a tharla?

**ADAM:** Is Cuma...timpiste...

**MAMAÍ:** Adam, an fhírinne.

**ADAM:** ... níl cairde Chathail ró-shásta go bhfuil sé ina chaptaen amárach, b'fhéidir.

**CATHAL:** Céard? Sin seafóid ní dhéanfaidh mo chairde a leithéid de rud.

**MAMAÍ:** Éist do bhéal tusa, cé a rinne é seo leat?

**DEAID:** Tóg go bog é. Níl mórán damáiste déanta. Ní fiú é a phlé go dtí go mbíonn an cluiche thart amárach.

**MAMAÍ:** Is fiú! Rinneadh ionsaí ar do mhac agus tá tusa ag labhairt faoin gcluiche mór seo amárach?

**DEAID:** STOP! Déanfaidh muid an scéal a fhiosrú, níl sé chomh dona sin, téigh amach agus nigh tú féin...

*Téann Adam amach.*

Glan an bord sin do do mháthair.

*Glanann Cathal an bord.*

Níl ar Chathal atá an locht, ná cuir an milleán air.

**MAMAÍ:** Níl mé ag cur milleán ar aon duine, ach...

**DEAID:** ACH TADA! Níl aon dochar déanta, dá n-imreodh sé peil ar nós na lads eile ní bheadh aon duine ag piocadh air.

**MAMAÍ:** Níl se sin féaráilte agus is maith atá a fhios agat é!

**DEAID:** Níl an saol féaráilte!

**MAMAÍ:** Níl an scéal seo críochnaithe.

*Téann Mamaí agus Daidí amach agus fágтар Cathal ar an stáitse. Faigheann sé an áit réidh chun dul a chodladh. Tagann Adam isteach.*

**CATHAL:** An bhfuil tú ceart go leor?

**ADAM:** Beidh mé.

**CATHAL:** Inis an fhírínne, céard a tharla dhuit?

**ADAM:** Téigh a chodladh a Chathail beidh lá mór amárach agat.

Codladh sámh.

**CATHAL:** Codladh sámh.

# Radharc 6

*Tagann SFX gaoth ar an stáitse agus tagann na deamhain isteach. Cloistear glóracha na ndaoine ón stáitse.*

**GACH DUINE:** CATHAL! CATHAL!

ADAM! ADAM!

**MAM:** CÁ BHFUIL DO DHEARTHÁIR?

**DEAMHAIN:** CÁ BHFUIL SÉ CATHAL?

**DEAID:** DÁ nIMREODH SÉ PEIL AR NÓS NA LADS EILE!

**DEAMHAIN:** SEA ADAM!

**MAM:** IS ORTSA AN LOCHT SEO - DÁ BHFÁNFÁ LEIS MAR A D'IARR MÉ ORT!

**DEAMHAIN:** IS ORTSA ATÁ AN LOCHT!

**CILLIAN:** IS DÓCHA GO BHFUIL TÚ BREÁ SÁSTA LEAT FÉIN!

**DEAMHAIN:** BREÁ SÁSTA!

**DEAID:** NÍL AN SAOL FÉARÁILTE!

*Screadann duine éigin ar chúl an stáitse.*

**CILLIAN:** TÁ SÉ IN AM AG ADAM CEACHT NUA RINCE A FHOGHLAIM.

**DEAMHAIN:** CEACHT NUA!

**FEAR 1:** CATHAL BEIDH TUSA I DO CHAPTAEN AR AN FHOIREANN SEO AMÁRACH!

**PÁDRAIG:** AN RAIBH LÁ DEAS AGAT AG DAMHSA LEIS NA CAILÍNÍ?

**DEAMHAIN:** Damhsa leis na cailíní!

**CILLIAN:** IS MISE CAPTAEN NA FOIRNE SEO!

**MAM:** CAITHFIDH MÉ FIOS A CHUR AR AN DOCHTÚIR!

*Screadann gach duine ar chúl an stáitse. Dúisíonn Adam agus Cathal ag screadadh agus*

*titeann na deamhain go talamh.*

# Radharc 7

*Tá Máire, Fear 1 agus Fear 2 agus an fhoireann Peile ar a nglúine ar an stáitse.*

**MÁIRE:** ...an ceathrú rúndiamhar...coróiniú na Maighdine Muire sna flaithis. ÁR N-ATHAIR ATÁ AR NEAMH, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh....

**LADS:** ....ár n-arán laethiúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha mar a mhaitheas muidne ár bhféichiúna féin, is ná lig sin i gcathú ach saor sin ó olc, Aiméan.

**MÁIRE:** SÉ DO BHEATHA A MHUIRE ATÁ LÁN DE GHRÁSTA...

*Ritheann Cillian isteach le drochscéala.*

**CILLIAN:** STOP!

**MÁIRE:** ...TÁ AN TIARNA LEAT...IS BEANNAITHE THÚ...

**CILLIAN:** ÉIST! TÁ FADHB AGAINN...BHI TIMPISTE AG PÁDRAIG AR MAIDIN!

**FEAR 1:** CÉARD?

**CILLIAN:** TÁ A LÁMH BRISTE AIGE!

*Tá ionadh ar gach duine, agus iad ag féachaint ar a chéile.*

**FEAR 1:** An bhfuil tú cinnte?

**CILLIAN:** TÁ! Sciorr sé sa chistin ar maidin.

**FEAR 2:** Ó, TÁ MUID CRÍOCHNAITHE GAN CÚL BÁIRE!

**MÁIRE:** Agus an méid paidreacha atá ráite agamsa le coicís!

**FEAR 1:** An bhfuil duine ar bith a bheadh in ann áit Phádraig thógáil?

*Tá gach duine ag féachaint ar a chéile.*

**ROSS:** CÉARD FAOI ADAM?

**SEÁN:** Ó SEA, DEARTHÁIR CHATHAIL!

**FEAR 1:** ADAM? An bhfuil aon mhaitheas ann? Cathal?

**CATHAL:** Níl mórán maitheasa leis ar an bpáirc ach nuair a imríonn muid sa mbaile tá sé an-mhaith sna cúil.

**FEAR 2:** Cén fáth nach n-imríonn sé linn sa chlub?

**CATHAL:** Mar níl aon suim aige sa pheil.

**CILLIAN:** BHUEL TÉIGH AMACH AGUS ABAIR LEIS GO BHFUIL SÉ AG TEASTÁIL UAINN!

**CATHAL:** NÍ IMREOIDH SÉ LINN!

**FEAR 1:** Cén fáth?

**CATHAL:** Tá a fhios ag Cillian cén fáth.

**FEAR 1:** Cillian? Cén fáth?

**CILLIAN:** Níl...níl a fhios agamsa tada.

**CATHAL:** Tá a fhios agat go rímhaith...

**FEAR 1:** Cathal, níl am againn le haghaidh seo. An rachaidh tú amach sa slua le ceist a chur air Adam?

**CATHAL:** Rachaidh mé amach sa slua, gheobhaidh mé Adam ach caithfidh Cillian an cheist a chur air.

**FEAR 1:** Rith leat go beo!

*Ritheann Cathal amach.*

**MÁIRE:** Bhuel is cosúil le clár do Ros na Rún é seo.

**FEAR 2:** Ó níl sé seo go maith don chroí.

**MÁIRE:** Rice cake?

**FEAR 2:** Stop, maith an bhean, tá an ceann deireanach fós i mo scórnach.

*Tagann Cathal agus Adam isteach.*

**ADAM:** Céard? An bhfuil fadhb? Ó, HELLO LADS, Máire.

**FEAR 1:** Adam tá fadhb. FADHB MHÓR! Cillian?

**CILLIAN:** Adam, eh, tá, eh, lámh Phádraig briste. (*Stopann sé.*)

**CATHAL:** Lean ort.

**CILLIAN:** An eh, an féidir leat imirt sna cúil dúinn?

**ADAM:** Bhuel, d'athraigh tusa do phort.

**CILLIAN:** D'athraigh.

**ADAM:** Ní theastaíonn uaim imirt le bullaí.

*Casann sé le h-imeacht.*

**CILLIAN:** FAN! Tá an ceart agat, tá brón orm, an imreoidh tú linn, le do thoil?

*Féachann Adam thart ar gach duine.*

**ADAM:** An dtuigeann tusa nach maith le gach duine peil?

**CILLIAN:** Tuigeann.

**CATHAL:** Abair é.

**CILLIAN:** Tuigim nach maith le gach duine peil.

**ADAM:** Ceart go leor. IMREOIDH MÉ LIBH!

**GACH DUINE:** YAY!

**MÁIRE:** Ó BUÍOCHAS MÓR LE DIA!

**ADAM:** ACH, Tá coinníoll amháin agam....

**FEAR 2:** RUD AR BITH!

**ADAM:** Tá leaid eile ag teastáil uainn don seó an tseachtain seo chugainn,  
an bhfuil tú sásta cabhrú linn?

**CATHAL:** Cillian?

**CILLIAN:** Ceart go leor. (*Croitheann siad lámha.*)

**FEAR 1:** Tóg é seo Adam, faigh gléasta go beo.

**CATHAL:** BAILE CHRÓNÁIN ABÚ!

**GACH DUINE:** BAILE CHRÓNÁIN ABÚ!